2025/1793

11.9.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1793 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2944 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le fearais chócaireachta tí a dhónn gás, feistí sábháilteachta agus rialaithe le haghaidh dóirí gáis agus fearas a dhónn gás, gairis maoirseachta lasrach theirmileictreacha, coirí téimh lárnaigh gásadhainte agus comhlaí gaothaire uathoibríocha le haghaidh dóirí gáis agus fearas a dhónn gás

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le fearais agus feistis atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe, nó codanna díobh, a bhfoilsítear tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh a leagtar amach sa Rialachán sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)4789 ón gCoimisiún ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC) athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin chomhchuibhithe atá ann faoi láthair a dréachtaíodh ar bhonn shainordú um caighdeánú M/BC/CEN/06-89 an 29 Aibreán 1990 chun a áirithiú go leanfaidís de léiriú a thabhairt ar an úrscothacht a nglactar léi i gcoitinne chun na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426 a chomhlíonadh.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 4789, rinne CEN roinnt caighdeán comhchuibhithe atá ann faoi láthair a athbhreithniú. Mar thoradh air sin, ghlac CEN na caighdeáin chomhchuibhithe athbhreithnithe seo a leanas chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426: EN 30-2-1:2024 maidir le fearais chócaireachta tí a dhónn gás le haghaidh ídiú réasúnach fuinnimh, EN 88-2:2022+A1:2024 agus EN 88-3:2022+A1:2024 maidir le feistí sábháilteachta agus rialaithe le haghaidh dóirí gáis agus fearas a dhónn gás, EN 125:2022+A1:2024 maidir le gairis maoirseachta lasrach theirmileictreacha le haghaidh fearas a dhónn gáis, EN 15502-2-2:2024 maidir le coirí téimh lárnaigh gásadhainte le haghaidh fearais de chineál B1, agus EN 16304:2022+A1:2024 maidir le comhlaí gaothaire uathoibríocha le haghaidh dóirí gáis agus fearas a dhónn gás.

(4) Rinne an Coimisiún, in éineacht le CEN, measúnú féachaint an gcomhlíontar an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)4789 le EN 30-2-1:2024, EN 88-2:2022+A1:2024, EN 88-3:2022+A1:2024, EN 125:2022+A1:2024, EN 15502-2-2:2024 agus EN 16304:2022+A1:2024.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/426/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)4789 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2023 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le fearais gháis agus feistis chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(5) Comhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas na ceanglais fhíor-riachtanacha is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/426: EN 30-2-1:2024, EN 88-2:2022+A1:2024, EN 88-3:2022+A1:2024, EN 125:2022+A1:2024, EN 15502-2-2:2024 agus EN 16304:2022+A1:2024. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Ina theannta sin, d'eisigh CEN ceartúchán ar chaighdeán comhchuibhithe EN 15502-2-1:2022+A1:202 maidir le caighdeán sonrach i ndáil le coirí téimh lárnaigh gásadhainte le haghaidh fearais de chineál C agus fearais de chineál B2, B3 agus B5 ag a bhfuil ionchur teasa ainmniúil nach mó ná 1 000 kW, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2944 ón gCoimisiún ([4]). Is é an toradh a bhí air sin caighdeán comhchuibhithe EN 15502-2-1:2022+A1:2023 arna cheartú le EN 15502-2-1:2022+A1:2023/AC:2024. Tá an ceartúchán EN 15502-2-1:2022+A1:2023/AC:2024 riachtanach chun EN 15502-2-1:2022+A1:2023 a chur i bhfeidhm i gceart mar chaighdeán comhchuibhithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, an tagairt do EN 15502-2-1:2022+A1:2023, arna cheartú le 15502-2-1:2022+A1:2023/AC:2024, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2944, soláthraítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Rialachán (AE) 2016/426. Chun a áirithiú gur in aon ghníomh amháin a liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin sin agus do cheartúchán ar EN 15502-2-1:2022+A1:2023 a chur san Iarscríbhinn sin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2944 a leasú dá réir.

(9) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tugtar le fios le comhlíonadh an chaighdeáin sin go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2944 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2944 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2024 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le fearais a dhónn breoslaí gásacha arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/224 ón gCoimisiún (IO L, 2024/2944, 2.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2944/oj).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2944:

(1) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

‘2a.	EN 30-2-1:2024 Fearais chócaireachta tí a dhónn gás - Cuid 2-1: Ídiú réasúnach fuinnimh – Ginearálta’;
‘3a.	EN 88-2:2022+A1:2024 Feistí sábháilteachta agus rialaithe le haghaidh dóirí gáis agus fearas a dhónn gás - Cuid 2: Rialtóirí brú le haghaidh brúnna ionraoin os cionn 50 kPa suas go 500 kPa agus an méid sin san áireamh’;
‘3b.	EN 88-3:2022+A1:2024 Feistí sábháilteachta agus rialaithe le haghaidh dóirí gáis agus fearas a dhónn gás - Cuid 3: Rialtóirí brú agus/nó rialtóirí ráta sreafa le haghaidh brúnna ionraoin suas go 500 kPa agus an méid sin san áireamh, cineálacha leictreonacha’;
‘3c.	EN 125:2022+A1:2024 Gairis maoirseachta lasrach le haghaidh fearas a dhónn gáis - Gairis maoirseachta lasrach theirmealeictreacha’;
‘14a.	EN 15502-2-2:2024 Coirí téimh lárnaigh gásadhainte - Cuid 2-2: Caighdeán sonrach le haghaidh fearais de chineál B1’;
‘14b.	EN 16304:2022+A1:2024 Comhlaí gaothaire uathoibríocha le haghaidh dóirí gáis agus fearas a dhónn gás’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 14:

‘14.	EN 15502-2-1:2022+A1:2023 Coirí téimh lárnaigh gásadhainte - Cuid 2-1: Caighdeán sonrach le haghaidh fearais de chineál C agus fearais de chineál B2, B3 agus B5 ag a bhfuil ionchur teasa ainmniúil nach sáraíonn 1 000 kW EN 15502-2-1:2022+A1:2023/AC:2024’.